COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN




# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2006



*Prudent is he who maintains his inheritance entire as he finds it*

# CLÁR ÁBHAIR


TUAIRISC AN CHATHAOIRLIGH . . . . 4
CORPRÚ . . . . 4
BORD . . . . 4
FOIREANN . . . . 5
SEIRBHÍSÍ . . . . 5
FOILSEACHÁIN . . . . 5
CISTIÚ . . . . 6

EOLAS FAOIN GCUIDEACHTA . . . . 7
STIÚRTHÓIRÍ . . . . 7
RÚNAÍ . . . . 8
CLÁRUIMHIR NA CUIDEACHTA . . . . 8
UIMHIR THAGARTHA CHARTHANACHTA . . . . 8
OIFIG CHLÁRAITHE . . . . 8
INIÚCHÓIRÍ . . . . 8
BAINCÉIRÍ . . . . 8
DLÍODÓIRÍ . . . . 8


TUAIRISC STIÚRTHÓIRÍ DON TRÉIMHSE DÁR GCRÍOCH 31 MÍ NA NOLLAG 2006 . . . . 9
PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT . . . . 9
TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ . . . . 9
STAID CHÚRSAÍ . . . . 9
STIÚRTHÓIRÍ AGUS A SPÉISEANNA . . . . 10
FREAGRAÍOCHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ . . . . 10
LEABHAR NA gCUNTAS . . . . 10
AUDITORS . . . . 10

TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH AN INIÚCHÓRA . . . . 11
FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS NA N-INIÚCHÓIRÍ FAOI SEACH . . . . 11
BUNÚS NA TUAIRIME . . . . 12
TUAIRIM . . . . 12

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS . . . . 13

CLÁR COMHARDAITHE . . . . 14

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS . . . . 15
1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA . . . . 15
1.1. Bunús an Ullmhúcháin . . . . 15
1.2. Ioncam . . . . 15
1.3. Sócmhainní Seasta Imláimhsithe agus Luachlaghdú . . . . 15
1.4. Stoc . . . . 15
1.5. Cánachán . . . . 15
2. IONCAM . . . . 15
3. BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN 2006 . . . . 15
4. FOSTAITHE . . . . 15
5. SÓCMHAINNÍ IMLÁIMHSITHE . . . . 16
6. STOIC . . . . 16
7. FEICHIUNAITHE: SUIMEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHAIN . . . . 16
8. CREIDIUNAITHE: SUIMEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHAIN . . . . 16
9. IMRÉITEACH GLUAISEACHTAÍ I gCISTÍ . . . . 16
10. MÁTHAIRGHNÓTHAS . . . . 16
11. CEADÚ NA RÁITIS AIRGEADAIS . . . . 16



# TUAIRISC AN CHATHAOIRLIGH

## CORPRÚ

Rinneadh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ), a bunaíodh trí bharántas i 1928, a ionchorprú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar 24 Eanáir 2006. Bhí sé seo mar thoradh ar athbhreithniú cuimsitheach i 2003–4 ar gach gné de thearmaí tagartha agus de ghníomhaíochtaí an Choimisiúin. Do thacaigh an t-athbhreithniú neamhspléach seo, a rinne CHL Consulting ar iarratas ón Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, go láidir le saothar an choimisiúin ó bunaíodh é agus moladh slite éagsúla gur féidir le CLÉ forbairt a dhéanamh sa todhchaí; san athbhreithniú moladh an Coimisiún a athdhéanamh mar chuideachta teoranta. Tá creatlach tugtha don CLÉ mar thoradh ar an gcorprú seo a chuireann ar chumas an Choimisiúin feidhmiú ag leibhéal corparáideach, mar aon le bonn seasmhach chun gur féidir leis an gCoimisiun forbairt agus bogadh chun cinn.

## BORD

Ar 7 Aibreán 2006, cheap An tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, John O'Donoghue T.D., 21 bhall/Stiúrthóirí do bhord na cuideachta nua. Tagann baill ón bpobal acadúil agus ó na hinstitiúidí cultúrtha ar fuaid na hÉireann agus tá na ceapacháin tar éis beocht a thabhairt don Choimisiún. D'éirigh go hiontach leis an mbliain 2006 faoi stiúr an bhoird nua, inar cuireadh sé leabhar chuimsitheach le liosta fhoilseacháin CLÉ.

I 2006 bhí ballraíocht de dhuine is fiche ar bhord an Choimisiúin: James McGuire (Cathaoirleach); Maurice Bric, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Institiúid de Móra Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; David Craig, Stiúrthóir, An Chartlann Náisiúnta; Mary Daly, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Máiréad Dunlevy; David Edwards, Coláiste na hOllscoil Corcaigh; Chris Flynn, An Roinn Ealaíon Spóirt & Turasóireachta, James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Michael Kennedy, Cáipéisí faoi Pholasaí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh, An Coláiste Ollscoil, Baile Átha Cliath; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach; Aongus Ó hAonghusa, Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Thomas O'Connor, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Anngret Simms,

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Gerry Slater, Stiúrthóir, Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRONI). Seo a leanas baill onóracha an Choimisiúin: Francis J. Byrne, Louis Cullen, Geoffrey Hand agus Brian Trainor.

Is baill ex-officio an Choimisiúin iad stiúrthóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus An Chartlann Náisiúnta araon, chomh maith le príomhfheidhmeannach Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Bhí ballraíocht ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ar bhord Chomhairle na Cartlainne Náisiúnta. B'iad Máire Mac Conghail agus Mary Daly a bhí ag feidhmiú sa ról seo i 2006.

## FOIREANN


Ag eascairt as a corprú mar chuideachta, d'fhostaigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann riarthóir buan. Tá post an riarthóra ríthábhachtach toisc go dtugann sé leanúnachas don Choimisiún chomh maith le nascadh gairmiúil a chruthú leis na daoine ar fad a bhíonn i dteagmháil agus ag comhoibriú le Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (eagarthóirí, clóchuradóir, clódóirí, an pobal go ginearálta). Ceapadh an Dr Cathy Hayes i Meitheamh 2006, mar thoradh ar chomórtas oscailte, don post buan mar Riarthóir ag tosnú i Lúnasa 2006. Bhí an Dr Hayes ag obair leis an gCoimisiún ó Dheireadh Fómhair 2004 ar bhonn conartha seirbhíse ó Acadamh Ríoga na hÉireann.


## SEIRBHÍSÍ


Ó cuireadh tús leis an láithreán gréasáin i Lúnasa 2004 tá fás tagtha gach bliain ar líon na dteagmhálacha déanta ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann trí ríomh-phost, ghuthán agus an post ón bpobal ginearálta. Teagmhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta atá i gceist anseo, ag teacht go rialta ón Astráil, ón Nua Théalainn, óna Stáit Aontaithe agus ó Mhór-Roinn na hEorpa. Sa mhéid agus gur féidir, déanann Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann gach iarracht cabhrú le fiosraitheoirí agus tugtar cabhair chun teacht ar ábhair atá in imleabhair níos luaithe den Analecta Hibernica (ceann de na iarratais is coitianta) agus ina bhfoilseacháin nach bhfuil i gcló níos mó.

Tar éis an bhliain a chaitheamh ag ardú feasachta trí fhógraíocht a thógaint in irisí staire mhóréilimh chomh maith le seoladh leabhar i gCluain Meala, tá CLÉ ag súil le hardú i dteagmhálacha a bhaineann le heolas atá ina fhoilseacháin nua agus sna foilseacháin a eisíodh le linn bhlianta tosaigh an Choimisiúin ach nach bhfuil ar fáil anois a aimsiú. Tá CLÉ i lár straitéis láidir a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar rochtain ar a chuid foilseacháin uile.

## FOILSEACHÁIN




Tháinig líon suntasach tionscadail chun críche i 2006 a chur go díreach leis an ardú in ioncam ó dhíolachán leabhar i gcomparáid le blianta roimhe sin, rud a thaispeánann go bhfuil meas ag an bpobal ginearálta a léann stair in obair an Choimisiúin.

Bhí an dara eagrán de *The Convert Rolls* (curtha in eagar ag Eileen O'Byrne le hábhar breise ó Anne Chamney) ar díol in Eanáir 2006. San eagrán nua de fhéilire 1981 de chuid Eileen O'Byrne tá liosta anótáilte de chuid an Athar Wallace Clare, réitithe i gcomhair foilseacháin ag Anne Chamney. Déanann an t-ábhar nua comhlánú ar agus cuireann sé le luach an tsaothair bhunaigh agus is áis fhíorluachmhar é do thaighdeoirí um stair theaghlaigh agus do ghinealeolaithe.

I bhFeabhra 2006, d'fhoilsigh CLÉ *The Minute Book of the Corporation of Clonmel, 1608–1649* curtha in eagar ag Bríd McGrath. Is é seo an chéad leabhar i sraith leabhair bardais na seachtú haoise déag ina bhfuil sonraí faoi phobail uirbigh agus faoi rialtas bardasach sa nua-aois luath. Tá leabhair eile sa tsraith beartaithe do Chathair Phort Láirge agus do Bhaile Átha Troim, Co na Mí. Reachtáileadh fáiltiú i gCluain Meala chun foilsiú an leabhair seo a cheiliúradh ar 16 Meitheamh 2006. Ar cheann de na laethanta is teo den samhradh do sheol Méara Chluain Meala, An Comhairleoir Niall Dennehy, an leabhar go hoifigiúil os comhair slua léirthuisceana i seomra aerach ar an gcéad urlár de Dhaingean an Phríomhgharda atá athchóirithe go snasta.

Foilsíodh *The De Vesci Papers,* curtha in eagar ag Anthony Malcomson, i mBealtaine. Tá na páipéir seo i measc na cartlanna clainne is suntasaí atá i seilbh phoiblí in Éirinn agus cabhróidh an féilire seo le gach duine gur mian leo an bailiúchán, atá sa Leabharlann Náisiunta anois, a úsáid, a bhaineann le heastáit Vesey in Éirinn agus in áiteanna éagsúla i Sasana.


Foilsíodh dhá fhoilseachán suntasach in Iúil 2006: an 39ú eagrán de shraith CLÉ *Analecta Hibernica* agus *Court of Claims. Submissions and evidence, 1663*, curtha in eagar ag Geraldine Tallon.


Tugann *Analecta Hibernica,* a foilsíodh don chéad uair i 1930, ardán rithábhachtach chun bailiúcháin níos lú de bhunfhoinsí tábhachtacha a bhaineann le stair agus cultúir na hÉireann a chur i gcló. San eagrán áirithe seo, *Analecta Hibernica, uimhir 39,* tá féilire de cháipéisí a bhaineann le hÉire sna meánaoiseanna sa tsraith Series of Ancient Deeds i gCartlanna Náisiúnta an Ríocht Aontaithe; sonraí maidir le slógadh a reachtáileadh ar chnoc na Teamhrach i 1593; trí shuirbhé ón ochtú aois déag ar Chontae Chill Mantáin; agus dialann Abigail Boles, seanmoirí Chumann na gCairde a bhí ag taistil i Meiriceá idir 1725 agus 1727.

Bhíothas ag súil go mór le foilsiú eagrán Geraldine Tallon de *The Court of Claims. Submissions and evidence, 1663*. Cheap Searlas II An Chúirt Éileamh faoi théarmaí an Act of Settlement 1662. Tá na haighneachtaí agus an fhianaise a cuireadh os comhair na cúirte taifeadtha ar lámhscríbhinn atá i Leabharlann Poiblí Ard Mhacha; treoir riachtanach atá ann do sheilbh talún in Éirinn sa seachtu chéad déag. San eagrán seo, atá curtha le chéile go hálainn, tá innéacsanna fhairsing ainmneacha pearsanta agus logainmneacha agus is áis fhíorluachmhar é do staraithe teaghlach.

Tháinig deireadh spleodrach le 2006 le foilsiú eagrán Victor Treadwell de *The Irish Commission of 1622. An investigation of the Irish administration 1615–22, and its consequences 1623–24.* Ceapaithe ag Séamus I, rinne Coimisiún na hÉireann 1622 scrúdú ar riocht pholaitiúil, chreidimh agus riaracháin na hÉireann. Ina thuairiscí agus sa cháipéisíocht a bhaineann leo tá mion-anailísithe ar an tionchar a bhí ag na plandálacha móra Eilíseacha agus Seacaibíneacha i gcúige Mumhan agus i gcúige Uladh agus ag na lonnaíochtaí Sasanacha agus Albanacha a bhí níos lú in áiteanna eile. Rinne na coimisinéirí scrúdú chomh maith ar staid na heaglaise bhunaithe, na custaim Éireannacha agus ar na hathchóirithe dlí a bhí ag teastáil ó chóras dlí na hÉireann. Don chéad uair is féidir teacht ar thuairiscí agus ar chomhfhreagras san imleabhar seo nach raibh ar fáil cheana i bhfoirm chlóite.






I dtéarmaí foilseacháin amháin, ba bhliain an-tháirgiúil a bhí i 2006. Ní fhéadfaí é seo ar fad a dhéanamh gan saothar agus tionscnaíocht eagarthóirí na n-imleabhar (saineolaithe iad uile ina réimse féin) agus baill an Choimisiúin a bhí ag feidhmiú mar bhainisteoirí tionscadal. Sa chás áirithe seo is gá suntas a thabhairt do shaothar an Ollaimh Mary O'Dowd (QUB) agus An Dr James Kelly (Coláiste Phádraig, Droim Conrach).

## CISTIÚ

Mar chathaoirleach ba mhaith liom an cistiú a bhfaigheann Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a admháil. Gan an deontas i gcabhair curtha ar fáil ag an Roinn, ní bheadh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann in ann a shainchúram a bhaint amach. Tháinig fás suntasach ar ár ndeontas i mbliana a chur ar ár gcumas ár gclár fhoilsithe a chríochnú agus braitheann ár bpleanáil uile don bhliain seo chugainn ar an gcistiú seo.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil anseo le baill Ionaid na nInstitiúid Cultúrtha sa Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a bhíonn ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ar son na Roinne. Táimid ag súil le leanúint ar aghaidh leis an ngaol tábhachtach atá cruthaithe againn le blianta beaga anuas ar mhaithe le feidhmeanna Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann mar fhoilsitheoir bhunábhair stair agus cultúr na hÉireann a bhuanú chomh maith lena staid mar nasc tábhachtach idir phobal na hoidhreachta cultúrtha agus pobal níos leithne na dtaighdeoirí daonnachta a fhorbairt.

Caithfear a chur in iúl go láidir nach bhfaigheann baill Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann aon luach saothair dá gcuid oibre, gan a ranníocaíocht siúd ní bheadh an Coimisiún in ann a théarmaí tagartha a bhaint amach. Táthar ag cothú traidisiún na seirbhíse seo don Scoláireacht agus don Stát ó bhunú an Choimisiúin i 1928. Is é an Cathaoirleach amháin a bhfaigheann airgead onóra.

James McGuire
Cathaoirleach
Eanáir 2007



# EOLAS FAOIN GCUIDEACHTA

## STIÚRTHÓIRÍ

James McGuire (Cathaoirleach)
Maurice Bric, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Nicholas Canny, Institiúid de Móra  Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
David Craig, Stiúrthóir, An Chartlann Náisiúnta
Mary Daly, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Mairead Dunlevy
David Edwards, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Chris Flynn, An Roinn Ealaíon Spóirt & Turasóireachta
James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach
Michael Kennedy, Cáipéisí faoi Pholasaí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann
Máire Mac Conghail
John McCafferty, Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach
Aongus Ó hAonghusa, Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Thomas O'Connor, Ollscoil na hÉireann,  Má Nuad
Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh
Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Anngret Simms, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Gerry Slater, Stiúrthóir, Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann

## RÚNAÍ

Cathy Hayes

## CLÁRUIMHIR NA CUIDEACHTA

414351

## UIMHIR THAGARTHA CHARTHANACHTA.

CHY 17206

## OIFIG CHLÁRAITHE

45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire

## INIÚCHÓIRÍ


Duignan, Carthy, O'Neill, 84 Bóthar Northumberland, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4


## BAINCÉIRÍ

Banc na hÉireann, 39 Faiche Stiofáin, Baile Átha Cliath 2

## DLÍODÓIRÍ

Donal T. McAuliffe & Co., 57 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2












# TUAIRISC STIÚRTHÓIRÍ DON TRÉIMHSE DÁR GCRÍOCH 31 MÍ NA NOLLAG 2006

Cuireann na stiúrthóirí a dtuairisc agus ráitis airgeadais ar fáil don bhliain dár gcríoch 31 Mí Nollag 2006.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT

Deineadh an chuideachta a ionchorprú ar 24 Eanáir 2006 agus cuireadh tús le trádáil ar an lá céanna.

Is í príomhghníomhaíocht na cuideachta don bhliain atá faoi athbhreithniú ná litríocht a fhoilsiú a spreagann feasacht faoi agus rochtain do na bun-ábhair a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr na hÉireann, agus leanfaidh sé seo ar aghaidh mar phríomhghníomhaíocht na cuideachta don todhchaí.

## TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ


Is é €34,928 farasbarr na bliana tar éis dímheas a thógaint san á ireamh.

Tá sé i gceist ag na stiúrthóirí an farasbarr seo a choimeád ar mhaithe le tionscadail sa todhchaí a mhaoiniú sna blianta amach romhainn.


## STAID CHÚRSAÍ


Tá staid reatha na cuideachta sásúil i dtuairim na stiúrthóirí agus níl aon bhun-athrú tagtha ó dháta an chláir comhardaithe.

Tá stiúrthóirí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta ar an eolas faoi na dualgais reachtúla maidir le hathbhreithniú cothrom faoi fhorbairt agus ghníomhú na cuideachta a sholáthar. Tá na stiúrthóirí sásta gurab é an baol is mó atá os comhair na cuideachta ná infhaighteacht cistiú leanúnach ón Rialtas. Tá aghaidh tugtha ag na stiúrthóirí ar seo trí chaiteachas ciallmhar cistithe faighte go dtí seo.










## STIÚRTHÓIRÍ AGUS A SPÉISEANNA

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal ag an gcuideachta. Geallann gach ball den chomhlacht cabhrú le sócmhainní na cuideachta dá mbeadh deireadh á chur leis fhaid is bhfuil sé/sí ina b(h)all nó laistigh de bhliain amháin ina dhiaidh di/dó a bheith a b(h)all, ar mhaithe le fiacha agus dliteanais na cuideachta a íoc sar a chuireann sé/sí deireadh lena t(h)réimhse mar bhall, chomh maith leis na costaisí agus táillí a bhaineann le foirceannadh, agus oiriúnacht cearta na ranníocóirí ina measc féin, an méid a d'fhéadfadh a bheith de dhíth, nach bhfuil níos mó ná euro amháin.

## FREAGRAÍOCHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ

Tá dualgas ar na stiúrthóirí faoi dhlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú do gach tréimhse airgeadais a thugann dearcadh fíor agus cóir faoi staid reatha na cuideachta agus faoi fharasbarr nó easnamh na cuideachta don tréimhse sin. Nuair atá siad seo á ullmhú tá sé de dhualgas ar na stiúrthóirí:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnólachta leantaigh ach amháin muna bhfuil sé oiriúnach a thoimhdiú go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta cearta a choimeád a thaispeánann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bhrí tá siad freagrach as céimeanna réasúnta a thógaint chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aimsiú agus a sheachaint.

## LEABHAR NA gCUNTAS

Seo a leanas na beartais tógtha ag na stiúrthóirí chun géilliúntas le riachtanais Rannóg 202, Acht na gCuideachtaí, 2001, maidir le leabhair cuntais ceart a chinntiú: cur i bhfeidhm polasaithe agus nósanna imeachta atá riachtanach chun idirbhearta a thaifead, fostú pearsanra cuntasaíochta inniúil le saineolas cuí agus soláthair dóthain acmhainní don bhfeidhm airgeadais. Coimeádtar leabhar na gcuntas i 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.


## INIÚCHÓIRÍ

Tá curtha in iúl ag na hiniúchóirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh in oifig de réir fhorálacha Rannóg 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Ar son an Bhoird

James Ivan McGuire
Stiúrthóir
14 Márta 2007

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir
14 Márta 2007



# TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH AN INIÚCHÓRA

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta don bhliain dár gcríoch 31 Mí na Nollag 2006 ar leathanaigh 13–16, ina bhfuil Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Clár Comhardaithe agus nótaí leasmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi pholasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach ar leathanach 15.

Déantar an tuairisc seo do bhaill na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Rannóg 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Thugamar faoinár obair iniúchóra chun na nithe a chur os comhair bhaill na cuideachta atá riachtanach sa dlí le bheith clúdaithe i dtuairisc iniúchóra agus ní i gcomhair aon chúis eile. Sa méid atá ceadaithe faoin dlí ní ghlacfaimid nó ní thógfaimid aon fhreagracht ó éinne seachas an chuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlacht, dá obair iniúchora, don tuairisc seo, nó do na tuairimí atá cruthaithe againn.

## FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS NA N-INIÚCHÓIRÍ FAOI SEACH

Mar atá ráite ar leathanaigh 9–10 tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir na ndlíthe infheidhme agus na gcaighdeán cuntasaíochtaa eisíonn an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus a chraobhscaoileann Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Na Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn).

Is é ár ndualgas na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na ndlíthe agus na rialuithe ábhartha agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscimid duit ár dtuairim faoina bhfuil dearcadh fíor agus cruinn i gceist sna ráitis airgeadais seo de réir Cleachtais Cuntasaíochta Choitianta in Éirinn agus gur ullmhaíodh iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 to 2005. Tuairiscímid duit chomh maith ár dtuairim ar choimeád nó nár choimeád an chuideachta leabhair cuntas cuí; agus an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas a tugadh i dTuarascáil na Stiúrthoirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais. Sa bhreis ar seo sonraímid cé acu a fuaireamar nó nach bhfuaireamar an t-eolas agus na mínithe ar fad a bhí riachtanach dár n-iniúchadh agus cé acu atá clár comharadaithe na cuideachta agus a cuntas brabúis agus caillteanais i gcomhréir leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscimid do na baill munar nochtadh, inár dtuairim, aon eolas sonraithe sa dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus bearta na stiúrthóirí agus, más féidir, a leithéad d'eolas a chur inár dtuairisc. Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithnímid cé acu atá nó nach bhfuil sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta. Cuimsíonn an t-eolas eile sin tuarascáil na Stiúrthóirí amháin. Breithnímid ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíráitis dhealraitheacha nó aon neamhréir ábhartha sna ráitis airgeadais. Ní aon chuid dár bhfreagrachtaí aon eolas eile a chlúdach.

## BUNÚS NA TUAIRIME

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Is cuid den iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Clúdaíonn sé chomh maith measúnú ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a dhein an Coimisiún agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais, agus cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Ghrúpa, ar cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus ar deineadh iad a nochtadh go leordhóthanach.

Phleanálamar agus dheineamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis gach eolas agus míniú a cheapamar a bheith riachtanach chun leordhóthain fianaise a fháil agus deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó mírialtachta nó earráide. Chun teacht ar ár dtuairim mheasamar freisin cé chomh sásúil is a bhí cur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

## TUAIRIM

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíreannach cothrom, de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, ar ghnóthaí an chuideachta mar a bhí ar 31 Mí na Nollag 2006 agus ar fharasbarr agus shreabhaidh airgid don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir riachtanais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 to 2005.

Fuaireamar an t-eolas agus na mínithe ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Táimid den tuairim go gcoimeádann an chuideachta leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais agus na leabhair chuntais de réir a chéile.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 9-10 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais

**84 Bóthar Northumberland**
**Droichead na Dothra**
**Baile Átha Cliath 4**

**Duignan Carthy O'Neill**
**Cuntasoirí Cairte**
**Iniúchoirí Cláraithe**

**Dáta: 20 Márta 2007**



# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse ón 24 Eanáir 2006, dáta an chorpraithe, go 31 Mí na Nollag 2006.

| | NÓTAÍ | 2006 € |
|---|---|---|
| Ioncam – Díolacháin Leabhar | 2 | 35,709 |
| Réamh-mheas ar Chostas Díolachán | | (53,163) |
| **Oibriúchán (easnamh)** | | **(17,454)** |
| Deontas ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta | | 160,000 |
| Costaisí Riaracháin | | (107,717) |
| **Barrachas don Tréimhse** | 3 | **34,829** |
| Ús isteach agus ioncam cosúil leis | | 99 |
| **Barrachas coimeádta na Bliana** | | **34,928** |

Níl aon ghnóthachain nó caillteanais aitheanta seachas an brabús nó caillteanas don dhá bhliain airgeadais thuasluaite.

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag an mBord ar 14 Márta 2007 agus sínithe ar a son ag

James Ivan McGuire
**Stiúrthóir**

Máire Mac Conghail
**Stiúrthóir**

# CLÁR COMHARDAITHE




Clár Comhardaithe ar 31 Mí na Nollag 2006

| | NÓTAÍ | € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Imláimhsithe | 5 | | 5,688 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 6 | 46,147 | |
| Féichiúnaithe | 7 | 8,305 | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 143,743 | |
| | | 198,195 | |
| **Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | 8 | (14,124) | |
| **Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)** | | | 184,071 |
| **Sócmhainní iomlán gan Dliteanas Reatha** | | | 189,759 |
| **Caipitil agus Cúlchistí** | | | |
| Ranníocaíocht Chaipitil | | | 154,831 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 34,928 |
| Cistí | 9 | | 189,759 |

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag an mBord ar 14 Márta 2007 agus sínithe ar a shon ag

James Ivan McGuire
**Stiúrthóir**

Máire Mac Conghail
**Stiúrthóir**

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dár gcríoch 31 Mí na Nollag 2006.

## 1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

### 1.1. Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh go coitianta leo in Éirinn agus reachtanna Éireannacha cuimsithe in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 to 2005 agus comhlíonann siad caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Chaighdeáin Chuntasaíochta ag tabhairt dearcadh fírinneach agus cothrom de réir mar a chraobhscoileann Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn iad agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Tá leas bainte ag an gcuideachta as an díolúine i Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid 1 ón riachtanas ráiteas faoi shreabhadh airgid a eisiúint toisc gur cuideachta bheag í.

### 1.2. Ioncam

Seasann ioncam don ioncam iomlán a tháinig isteach ó dhíolacháin leabhar a bhain leis an dtréimhse.

### 1.3. Sócmhainní Seasta Imláimhsithe agus Luachlaghdú

Soláthraítear luachlaghdú ag na rátaí bliantúla seo a leanas áirithe chun an costas móide an luach iarmharach gach sócmhainn a díscríobh os cionn a bheatha ionchais úsáideach ar bhonn dhronlíne, mar a leanas:

Daingneáin agus Feistis agus ríomhairí — 20%

Déantar athbhreithniú do lagú gach bliain ar luachanna iompar na sócmhainní seasta imláimhsithe i dtréimhsí más rud é go gciallaíonn imeachtaí nó athraithe i gcúinsí nach bhfuil an luach iompair in-aisghabhála.

### 1.4. Stoc

Déantar luacháil ar stoic leabhar ag an luach is ísle de chostas agus glan luach inréadaithe. De bharr go mbíonn méid na leabhar a foilsíodh ag a leibhéil is airde sa chéad dhá bhliain tar éis dáta a bhfoilsithe, tá na stiúrthóirí den tuairim acu gan ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a thógaint san áireamh i luach an stoic. sa ranníocaíocht chaipitiúil as na leabhair atá tar éis cur leis an gcuideachta. Tá fuílleach na stoic leabhar a ndéantar foráil ina gcoinne as feidhm nó mall á dhíol.

### 1.5. Cánachán

Tá an chuideachta díolmhaithe ó chánachán toisc a stádas mar charthanacht. (Uimhir Chánachán Carthanachta: CHY 17206)

## 2. IONCAM

Tagann ioncam iomlán na cuideachta don tréimhse óna phríomhghníomhaíocht tugtha faoi in Éirinn go huile agus go hiomlán.

## 3. BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN 2006

| | |
|---|---|
| Tá barrachas na bliana curtha in iúl tar éis na nithe seo a leanas a ghearradh: | € |
| Luachlaghdú sócmhainní seasta | 1,422 |
| Luach saothair Stiúrthóirí | 10,500 |
| Luach Saothair Iniúchóirí | 3,630 |
| agus tar éis creidiúniú: | |
| Deontais Rialtas | (160,000) |

## 4. FOSTAITHE

Líon na bhFostaithe

| | |
|---|---|
| Seo a leanas meán-uimhreacha míosúla na bhfostaithe le linn an tréimhse: | **2006** |
| | **Líon** |
| Líon na bhFostaithe | 2 |

| | |
|---|---|
| Déantar anailísiú ar chostas foirne sa chuntas brabúis agus caillteanais mar a leanas: | **2006** |
| | **€** |
| Tuarastail agus pinsean | 16,225 |
| Pinsean | 1,623 |
| Luach Saothair Stiúrthóirí | 10,500 |
| Costais Leasa Sóisialaigh | 2,637 |
| | 30,985 |

## 5. SÓCMHAINNÍ IMLÁIMHSITHE

| | Daingneáin agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|
| **Costas** | € | € |
| Suimithe | 7,110 | 7,110 |
| Ar 31 Mí na Nollag 2006 | 7,110 | 7,110 |
| **Luachlaghdú** | | |
| Táille don tréimhse | 1,422 | 1,422 |
| Ar 31 Mí na Nollag 2006 | 1,422 | 1,422 |
| **Glan-Luachanna Leabhar** | | |
| Ar 31 Mí na Nollag 2006 | 5,688 | 5,688 |

Deineadh an chuideachta a ionchorprú ar 24 Eanáir 2006 agus bronnadh troscán agus trealamh oifige eile le luach de thuairim is €48,710 ó Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Aithnítear na sócmhainní seo sna suimithe thuas ag luach ainmniúil de €1.

## 6. STOIC

| | **2006** |
|---|---|
| | € |
| Earraí críochnaithe | 46,147 |
| | 46,147 |

Tá luach stoic na leabhar curtha níos ísle ná costas agus glan-luach inréadaithe.

## 7. FÉICHIÚNAITHE: SUIMEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

| | **2006** |
|---|---|
| | € |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 8,305 |

## 8. CREIDIÚNAITHE: SUIMEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

| | **2006** |
|---|---|
| | € |
| Fabhruithe | 14,124 |

## 9. IMRÉITEACH GLUAISEACHTAÍ I GCISTÍ

| | **2006** |
|---|---|
| | € |
| Farasbarr na tréimhse | 34,928 |
| Ranníocaíocht Chaipitiúil | 154,831 |
| | 189,759 |

## RANNÍOCAÍOCHT CHAIPITIÚIL

Deineadh an chuideachta a ionchorprú ar 24 Eanáir 2006 agus tugadh tabhartas de luach €130,730 in airgead agus de luach €24,100 i stoc leabhair ó Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Bronnadh troscán agus trealamh oifige eile chomh maith agus táthar san áireamh sna ráitis airgeadais ag luach ainmniúil de €1. Is ionann é seo agus ranníocaíocht chaipitiúil iomlán de luach €154,831.

De bharr nádúr na leabhar foilsithe tá na stiúrthóirí den tuairim go ndíoltar an líon is airde leabhair sa dhá bhliain tar éis an dáta foilsithe. Dá bhrí sin tá an tuairim acu gan ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a thógaint san áireamh sa ranníocaíocht chaipitiúil as na leabhair atá tar éis cur leis an gcuideachta. Tá fuílleach na stoic leabhar a ndéantar foráil ina gcoinne as feidhm nó mall á dhíol.

## 10. MÁTHAIRGHNÓTHAS

Tá an chuideachta faoi rialú a mBaill agus a mBord Stiúrthóirí.

## 11. CEADÚ NA RÁITIS AIRGEADAIS

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag an mBord ar 14 Márta 2007 agus sínithe ar a son ag

Máire Mac Conghail
**Stiúrthóir**

James Ivan McGuire
**Stiúrthóir**